NUACHTLITIR NA SEACHTAINE

5-11-2014

Cruinnithe/Meetings

Beidh na cruinnithe tuismitheoirí-múinteoirí ar siúl 11 agus 12 Samhain. Críochnóidh na páistí ag an ngnáth-am. 1:30pm do na Naíonáin agus 2:30pm do Ranganna 1-6 an dá lá sin.

The Parent-Teacher meetings will take place on November 11th and 12th. The children will finish at the usual times of 1.30pm for the infants and 2.30pm for 1st to 6th.

****

IBB

Is ábhar sástachta agam a rá gur féidir le tuismitheoirí na scoile íocaíocht a dhéanamh leis an scoil ar líne anois. Má tá suim agat íoc as leabhair scoile, halla, rince, snámh, turais scoile srl. ar líne glaoigh ar an oifig 4576878 agus is féidir é a eagrú duit. Níl ag teastáil ach Iban agus Bic na scoile agus Cláruimhir do pháiste. Tá na sonraí seo san oifig.

I am delighted to say that parents now have the option of paying for schoolbooks, hall, swimming, music, trips etc. online. If you would like to pay online please ring the office 4576878 and we can organise it. You will be given the school Iban and Bic code and your child's school registration number. Hopefully this will help make payments easier and more efficient for parents.

****

Oíche Shamhna

Is ábhar mór sástachta agam a rá gur bhailigh pobal na scoile €127 Dé hAoine 24 Deireadh Fómhair ar son na dteaghlach a bhfuil an ailse ag cur as dóibh. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil libh as ucht na tacaíochta sin.

I am delighted to say that the school community raised €127 on Friday the 24th to support families affected by Cancer. Many thanks for your support.

****

Fearas Spóirt

Má tá aon éadaí peile de chuid na scoile ag aon duine sa bhaile seol ar ais chuig an scoil iad le bhur dtoil.

If anyone has items of School Football gear - socks, shorts, jerseys at home please return them to the school as soon as possible.

****

Turas na Naíonán

Beidh na Naíonáin Mhóra agus Bheaga ag dul go dtí Imaginosity ar 19 Samhain. Tá costas €10 air agus tá an t-airgead le seoladh isteach roimh an 14 Samhain.

The Senior and Junior Infant classes are going on a trip to Imaginosity on the 19th November. The trip costs €10. Please send in the amount before Friday the 14th November.

****

Rainbows.

Is cúrsa iontach é Rainbows a thugann tacaíocht do pháistí a bhfuil taithí acu le méala, scaradh nó colscaradh sa chlann. Is grúpa tacaíochta é Rainbows a chabhraíonn go mór le páistí. Beidh an cúrsa ag dul ar aghaidh arís i mbliana sa scoil. Má tá suim agat sa chúrsa seo téigh i dteagmháil leis an oifig i gcóir tuilleadh eolais.

Rainbows is a wonderful support service for children who have experienced bereavement, separation or loss in their family lives. Rainbows provide a support group for children that will assist children in working through any concerns that they may have. This programme will be running in the school again this year. If you are interested in the course please contact the school for more information.

Meabhrúchán/ *Reminder*

Tá peann luaidhe, scriosán srl. ag teastáil ó gach páiste scoile ó Naíonáin Mhóra go Rang 6 gach lá ar scoil. Déanaigí cinnte de go bhfuil gach rud ag do pháiste gach lá le bhur dtoil. Mór-bhuíochas as bhur dtacaíocht.

Please note that pencils, erasers etc. are needed every day by the children from Senior Infants to Sixth Class in school. Please ensure that your child has everything needed each day. Many thanks for your support.

****

Club Oibre Baile

Thosaigh an chéad théarma eile den Chlub Oibre Baile. Má tá suim ag do pháiste é a dhéanamh, seol isteach an t-airgead chomh luath agus is féidir. Ní bheidh an club ar siúl inniu toisc go mbeidh Cruinniú Foirne ar siúl.

The Homework Club has started again. Please send in the money as soon as possible. There is no Club today due to a staff meeting.

****

Twitter- Meabhrucháin- Reminder

Táim sásta a rá go bhfuil Gaelscoil na Camóige anois ar Twitter! An seoladh twitter ná @gncamoige. Beidh an cuntas seo in úsáid againn mar fhóram eolais amháin. Lean Gaelscoil na Camóige agus is cinnte go mbeidh an t-eolas is déanaí agat.

I am delighted to say that Gaelscoil na Camóige is now on Twitter! Follow us on @gncamoige. This Twitter account will be used as an information forum only. Information regarding Football, Training, Meetings etc.

****

Cairde

An Chonair Chopair - Míle buíochas libh as ucht na tacaíochta. D'éirigh linn breis is €1900 a bhailiú! Maith sibh ar fad!

An Chonair Copair – Cairde would like to thank everyone for the fantastic response to the Copper Trail. More than €1900 was collected! Well done to all!

****

Scoil Ghlas – Sábháil Páipéar

Green School – Save school paper!

Má theastaíonn uait nuachtlitir na scoile agus aon eolas eile ón scoil a fháil tríd ríomhphost as seo amach, seol ríomhphost chuig gncamoige@gmail.com le hainm do pháiste agus rang do pháiste luaite ann.

If you would rather receive the school newsletter and any other correspondence from the school via email please send an email to the school gncamoige@gmail.com stating your child's name and class.

Aoife Ní Raghallaigh
Príomhoide